CINNEADH (CBES) 2022/1852 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1656 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) i réimsí na slándála núicléiche agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 6 Samhain 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1656 ([1]).

(2) Le hAirteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2020/1656 foráiltear go bhfuil an Cinneadh le dul in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Chinneadh sin i gcrích.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Chinneadh (CBES) 2020/1656, thug an Coimisiún comhaontú maoinithe i gcrích leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) an 14 Nollaig 2020.

(4) An 27 Meitheamh 2022, d'iarr IAEA go ndéanfaí leasú ar an tuairisc ar an ngníomhaíocht dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2020/1656 i bhfianaise chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus géarghá nua a bheith le cabhrú leis an Úcráin a córas náisiúnta slándála núicléiche a choinneáil ar bun. D'iarr IAEA chomh maith leis sin síneadh a chur leis an tréimhse cur chun feidhme go dtí an 31 Márta 2024 mar gheall ar mhoilleanna a d'eascair as paindéim COVID-19 agus chun dóthain ama a thabhairt chun na gníomhaíochtaí nua a chuidíonn leis an Úcráin a chur chun feidhme.

(5) Maidir le leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2020/1656 go dtí an 31 Márta 2024, níl aon impleacht aici sin a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2020/1656 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1656 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(2), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(g) cúnamh don Úcráin chun a áirithiú go gcoinneofar a córas slándála núicléiche ar bun.";

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 31 Márta 2024.";

(3) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

(a) i gCeannteideal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Thionscadal 2:

"Tionscadal 2: Páipéar Coincheapa maidir le bearta cosanta fisicí a chur i bhfeidhm le linn ré COVID-19";

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/1656 ón gComhairle an 6 Samhain 2020 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) i réimsí na slándála núicléiche agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 372I, 9.11.2020, lch. 4).

(b) cuirtear an ceannteideal seo a leanas léi:

"7. Ceannteideal 7: Cúnamh Slándála Núicléiche don Úcráin

Cúlra

Mar a luaigh Ard-Stiúrthóir IAEA ina dhá Thuarascáil Achoimre an 28 Aibreán agus an 6 Meán Fómhair 2022 maidir le Sábháilteacht Núicléach, Slándáil agus Coimircí san Úcráin, is staid é seo san Úcráin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo mar is é an chéad uair a tharla coinbhleacht mhíleata i measc na saoráidí a bhaineann le clár mór cumhachta núicléiche seanbhunaithe, lena n-áirítear sa chás seo suíomh na tionóisce a tharla in 1986 ag Gléasra Cumhachta Núicléiche Chornobyl. Ó thús na coinbhleachta, tá faireachán á dhéanamh ag IAEA ar shábháilteacht agus ar shlándáil shaoráidí núicléacha na hÚcráine agus ar a foinsí radaighníomhacha. Tá gníomhaíochtaí míleata tar éis sábháilteacht foinsí radaíochta a chur i mbaol; scriosadh bonneagar ag Foinse Neodrón na hÚcráine agus saoráidí núicléacha eile, stórtha dramhaíola damáistithe, damáiste comhthaobhach bagartha ag stáisiúin chumhachta núicléacha, agus tionchar diúltach ar Ghléasra Cumhachta Núicléiche Chornobyl agus a Chrios Eisiaimh, Gléasra Cumhachta Núicléiche Zaporizhzhya, agus a bhfoireann, ar bhealaí éagsúla.

De réir a chéile, tá dul chun cinn déanta ag IAEA, i ndlúthchomhar leis an Úcráin, chun an méid is gá a dhéanamh chun an leibhéal sábháilteachta agus slándála is airde is féidir a chosaint i saoráidí núicléacha na hÚcráine a shainaithint agus aghaidh a thabhairt air. I mí an Mhárta 2022, tháinig IAEA agus a chomhpháirtithe ón Úcráin ar chomhaontú maidir le raon feidhme na tacaíochta teicniúla agus an chúnaimh theicniúil don Úcráin don tsábháilteacht agus don tslándáil, agus maidir leis an bhfíoras go mbeadh IAEA, ag obair leis na Ballstáit, ina phointe teagmhála aonair don chúnamh teicniúil sin. Beidh cianchúnamh teicniúil san áireamh sa chlár cuimsitheach cúnaimh; cúnamh teicniúil ar an talamh; seachadadh trealaimh; agus a thoilteanaí atá sé cúnamh a imscaradh go tapa más gá. Tá na measúnuithe mionsonraithe ar riachtanais slándála agus sábháilteachta na hÚcráine faoi lán seoil, lena n-áirítear seachadadh trealaimh. Tá gá le cistí chun leanúint de chúnamh den sórt sin a sholáthar.

A mhéid a bhaineann leis an tslándáil núicléach, chruthaigh an staid dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i ndáil le sláine fhisiciúil na saoráidí núicléacha agus i ndáil leis na struchtúir, na córais agus na comhpháirteanna ar bhonn an chórais slándála núicléiche i saoráidí núicléacha atá ann cheana san Úcráin. Ní mór sláine fhisiciúil saoráidí agus inoibritheacht córas atá tábhachtach don tslándáil i saoráidí agus i ngníomhaíochtaí eile ina n-úsáidtear ábhar núicléach nó radaighníomhach le haghaidh taighde, leighis, tionscail agus chun críoch comhchosúil a chur san áireamh freisin. Beidh gá le misin bhreise chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na riachtanais slándála núicléiche.

Cuspóirí

Is é cuspóir an tionscadail seo cabhrú leis an Úcráin chun a áirithiú go gcoinnítear a córas slándála núicléiche ar bun.

Spriocanna inghnóthaithe

1. Riachtanais slándála núicléiche na hÚcráine a shainaithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear trí mhisin saineolaithe, i gcás inarb iomchuí.

2. Soláthar trealaimh is gá le haghaidh slándáil ábhair núicléach agus saoráidí núicléacha, ábhar radaighníomhach atá in úsáid, stóráil agus saoráidí gaolmhara, mar aon le hoiliúint ghaolmhar de réir mar is gá. Áirítear leis sin na córais cosanta fisiciúla atá ann cheana a dheisiú, a neartú agus a uasghrádú.

3. Cúnamh IAEA a sholáthar d'údarás inniúil na hÚcráine chun rialú rialála ar fhoinsí radaighníomhacha nach bhfuil rialú den sórt sin orthu anois a fháil ar ais.

Toradh

Cur chun feidhme feabhsaithe an chórais slándála núicléiche ag saoráidí núicléacha na hÚcráine agus le haghaidh ábhar núicléach agus radaighníomhach, saoráidí gaolmhara agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

I gcomhar leis an Úcráin, ní mór do IAEA aghaidh a thabhairt ar mheasúnú cothrom le dáta agus cruinn ar shlándáil núicléach náisiúnta a choinneáil."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 4 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. STANJURA